

**Ráitis Airgeadais**  
**an Údaráis Náisiúnta Iompair**

*don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012*

# **An tÚdarás Náisiúnta Iompair**

## **Ráitis Airgeadais**

*don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012*

### ***Clár Ábhair***

### ***Leathanach***

Faisnéis an Údaráis	1
Ráiteas ar Fhrecagrachtaí	2
Ráiteas an Chathaoirligh ar Rialú Immheánach Airgeadais	3
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste	4
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	5 - 6
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	7
Ráiteas ar Ghnóthachain agus Cailteanais Aitheanta Iomlána	8
Clár Comhardaithe	9
Ráiteas Sreabhaidh Airgid	10
Nótaí mar chuid de na Ráitis Airgeadais	11 - 29

# **An tÚdarás Náisiúnta Iompair**

## **Faisnéis an Údaráis**

### **Comhaltai Boird**

An tUas. John Fitzgerald (Cathaoirleach)  
An tUas. Gerry Murphy (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)  
Linda Saunders Uasal  
An Dr. Berna Grist  
An tUas. Frank King  
An tUas. John Tierney  
An tUas. Damian Usher  
Valerie O'Reilly Uasal  
Margaret O'Shaughnessy Uasal  
An tUas. Jim Deegan  
An tUas. Hugh Creegan  
An Clr. Daithí Alcorn

### **Aturnaetha**

McCann Fitzgerald  
Aturnaetha  
Cois Abhann a hAon  
Cé Sir John Rogerson  
Baile Átha Cliath 2

### **Baincéirí**

Bainc Aontas Éireann cpt.  
1/4 Sráid Bhagóid Íochtarach  
Baile Átha Cliath 2

### **Iniúcháirí**

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste  
Rannóg na Cistíochta  
Caisleán Bhaile Átha Cliath  
Baile Átha Cliath 2

# **An tÚdarás Náisiúnta Iompair**

## **Ráiteas ar Fhreagrachtaí**

*don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012*

Faoi théarmaí an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 (arna leasú ag an Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009), tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú don bhliain go dtí 31 Nollaig 2012 d'fhonn léargas fíor agus cóir a thabhairt ar staid ghnóthaí an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2012 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin, éilítear ar an Údarás:

- beartais chuntasafóichta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- a shonrú cibé ar leanadh na caighdeáin chuntasafóichta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha á nochtadh agus á míniú sna ráitis airgeadais;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás nach cuí a thiomhdiú go leanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair ar aghaidh i mbun feidhme.

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil ina nochtar le cruinneas réasúnta a staid airgeadais ag am ar bith agus le cur ar a chumas a chinntiú go gceolonn na ráitis airgeadais le hAlt 32 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

**An tUas. John Fitzgerald**  
Cathaoirleach

Dáta: 27 Meán Fómhair 2013

**An tUas. Gerry Murphy**  
Stiúrthóir

Dáta: 27 Meán Fómhair 2013

# **An tÚdarás Náisiúnta Iompair**

## **Ráiteas an Chathaoirligh ar Rialú Inmheánach Airgeadais**

*don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012*

Mar a éilíonn an Cód Cleachtais ar Rialachas Comhlachtaí Stáit, thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair, déanaimse mar Chathaoirleach an ráiteas seo a leanas.

Sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012, bhí comhaltaí de Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair freagrach as a chinntiú gur cothaíodh agus gur feidhmíodh córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú lán dearfach a thabhairt go raibh sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus gur cuireadh cosc ar neamhrialtachtaí nó earráidí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhonn tráthúil.

### **Príomhnósanna Imeachta Rialaithe**

Bhí bearta glactha de láimh ag Bord an Údaráis Náisiúnta Iompair chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuirisciú; agus,
- gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.

Bhí an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áiríodh na nithe seo a leanas ann ach go háirithe:

- córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil a bhí athbhreithnithe agus comhaontaithe ag an mBord;
- athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ag léiriú feidhmíocht airgeadais;
- leagan amach spriocanna chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- treoirlínte rialaithe um infheistíocht chaipitil sainmhínte go soiléir;
- disciplíní bainistíochta tionscail foirmiúla.

Tá feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí ag an Údarás, a fheidhmíonn de réir an Chreachóid Dea-Chleachtais atá sonraithe sa Chód Cleachtais ar Rialachas Comhlachtaí Stáit. Braitheann obair an iniúchta inmheánaigh ar anailís ar na rioscaí a bhfuil an comhlacht nochta ina leith. Cruthaítear na pleananna iniúcháireachta inmheánaí chun na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta ama. Tá an anailís ar riosca agus na pleananna iniúcháireachta inmheánaí formhuinthe ag an gCoiste Iniúcháireachta agus faofa ag Bord an Údaráis Náisiúnta Iompair.

Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Bord ar éifeachtacht an chórais um rialú airgeadais inmheánach teoraithe le hobair na hiniúcháireachta inmheánaí. Déanann an Coiste Iniúcháireachta monatóireacht ar obair na hiniúcháireachta inmheánaí agus ar bhainistíocht an Údaráis Náisiúnta Iompair atá freagrach as an gceart rialaithe airgeadais. Leis sin déanann an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú agus machnamh ar thuarascálacha iniúcháireachta agus ar mholtaí ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

### **Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe**

Deimhním maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2012 go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um Rialú Inmheánach Airgeadais.

### **Sínithe thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair**

**An tUas. John Fitzgerald**

Cathaoirleach

Dáta: 27 Meán Fómhair 2013



## Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

### An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2012 faoin Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008, arna leasú. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, atáthar tar éis a ullmhú de réir na mbeartas cuntasaiochta leagtha amach iontu, an ráiteas ar bheartais chuntasaiochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas ar ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána, an clár comhardaithe, an ráiteas sreabhaidh airgid agus na nótaí a ghabhann leo. Táthar tar éis na ráitis airgeadais a ullmhú san fhóirm a forordaítear faoi Alt 32 den Acht, agus i gcomhréir leis an gcleachtas cuntasaiochta a nglactar i gcoitinne leis in Éirinn.

### Freagrachtaí an Údaráis

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú dtugann siad tuairisc fhíor agus chothrom ar staid ghnóthaí an Údaráis agus ar a ioncam agus a chaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Táim freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar mo chuid iniúchta le tagairt do na breithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh le Caighdeán Eiticíúla d'Iniúcháirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

### Scóip an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus na nochtáí atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor i chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíríteas ábhartha, cibé mar gheall ar chalaos nó earráid é. Cuimsíonn sé sin measúnú ar

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaiochta feiliúnach do chúinsí an Údaráis, agus cibé an bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochtá go fónta
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaiochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a ghnóthú maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh iniúchta.

### Tuairim i leith na ráiteas airgeadais

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais, atá ullmhaithe go cuí de réir an chleachtais chuntasaiochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn, léargas cruinn agus cothrom ar staid ghnóthaí an Údaráis ag 31 Nollaig 2012 agus ar an ioncam agus caiteachas dá chuid don bhliain dar críoch ansin.

Is é mo thuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Údarás. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

### Nithe a dtuairiscim de réir eisceachta orthu

Tuairiscim de réir eisceachta sna cásanna seo a leanas

- mura bhfuil an fhaisnéis agus na miniúcháin uile a theastaigh uaim dom' iniúchadh faighte agam, nó
- má tógadh faoi deara i m'iniúchadh nach raibh airgead á úsáid chun na críocha beartaithe ina leith nó sa chás nár ghéill na hidirbhearta do na húdaráis á rialú, nó
- mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais géilliúlacht an Údaráis leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- más rud é gur léir dom gur ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil le nithe sin.

**Seamus McCarthy**  
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste  
Meán Fómhair 2013

# An tÚdarás Náisiúnta Iompair

## Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

*don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012*

### Bunús Ullmhúcháin

Táthar tar éis na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn fabhraithe, ach amháin mar atá sonraíthe anseo thíos, i gcomhréir le cleachtais chuntasaíochta a nglactar i gcoitinne leo faoi na Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais arna moladh ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta. Tá na Ráitis Airgeadais san fhoirm atá faofa ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le comhthoilíú an Aire Airgeadais.

### Ioncam ó Dheontais Oireachtais

Cuimsíonn deontais Oireachtais suimeanna faighte ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le haghaidh riaracháin agus infhála i gcomhair Deontais Bainistíochta Tráchta (DBT), Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí, Tionscnamh Jabanna Réigiúnach, Tosaíocht Réigiúnach do Bhusanna, Inrochtaineacht, Iompar Tuaithe, Scoilleana Glasa, Taisteal Níos Cliste agus Infheistíocht Chaipitil.

Tá ioncam deontais a fuarthas i dtreo caiteachais caipitiúil ar shócmhainní seasta inláimhsithe iarchurtha chuig an gcuntas caipitil agus scaoiltear é chuig an cuntas ioncaim agus caiteachais thar shaolré úsáideach mheasta na sócmhainní i gceist, i gcomhréir le dímheas a mhuirearaítear ar na sócmhainní.

### Caiteachas Deontas le haghaidh Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus Infheistíochta Caipitil

Aithnítear caiteachas sa bhliain bunaithe ar mhéideanna íochta amach le deonaithe.

### Ioncam Ceadúnaithe

Baineann sé seo le hioncam a thagann ó ghníomhaíocht cheadúnaithe, mheasúnaithe agus forfheidhmithe maidir le rialáil tacsaithe agus ioncam ceadúnaithe ó bhusanna tráchtála.

### Ioncam ón Scéim Ticéadaithe Comhtháite

Tagann ioncam ón Scéim Ticéadaithe Comhtháite de bharr athmhúirearú costas oibriúcháin ar rannpháirtithe sa scéim ticéadaithe comhtháite.

### Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas

Sonraítear sócmhainní seasta inláimhsithe de réir a gcostais nó luachála stairiúil, lúide dímheas carntha. Gearrtar dímheas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn líne díri, ag na rátaí leagtha amach thíos, ríofa chun na sócmhainní coigeartaithe le haghaidh luacha iarmharaigh a dhíscríobh thar a saolré úsáideach mheasta: Gearrtar bliain iomlán dímheasa ar bhreis na sócmhainní seasta inláimhsithe go léir i mbliain a sealbhaithe:

Léasacht	-	5% Líne dhíreach
Mótarfheithiclí	-	20% Líne dhíreach
Samhail tráchta	-	10% Líne dhíreach
Troscán & feistis	-	10% Líne dhíreach
Trealamh ríomhaireachta	-	25% Líne dhíreach
Trealamh um Dheontas		
Bainistíochta Tráchta	-	25% Líne dhíreach
Scéim Ticéadaithe Comhtháite	-	10% Líne dhíreach ar bhogearraí agus 25% líne dhíreach ar chrua earraí

Déantar dímheas ar an tSamhail Tráchta de réir a costais bhunaidh mar aon le haon bhreiseanna, thar a saolré úsáideach measta. Is léargas iad breiseanna sa bhliain ar chostas tuarastail an phearsanra atá tiomanta d'fhorbairt na samhla. Ghlac Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath ceannas ar an tSamhail Tráchta arna forbairt ag Tionscnamh Iompair Bhaile Átha Cliath ar 9 Samhain 1995 de réir luachála athsholáthair de €1,777,633 agus áiríodh mar shócmhainn i sna ráitis airgeadais.

Cuireadh tús le feidhmiú na Scéime Ticéadaithe Comhtháite i mí na Nollag 2011 agus gearradh bliain iomlán dímheasa ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais.

# **An tÚdarás Náisiúnta Iompair**

## **Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta**

*don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012*

..... ar lean

### **Pinsin - Scéim Ranníocaíochta Sainithe**

Áirítear leis na muirir phinsin gearrtha sna ráitis airgeadais an ranníocaíocht iníoctha ag an Údarás Náisiúnta Iompair i rith na bliana faoina scéim ranníocaíochta sainithe. Ní fhabhraítear aon dliteanas eile don Údarás Náisiúnta Iompair faoin scéim ranníocaíochta sainithe.

### **Pinsin - Scéim Sochair Shainithe**

Reáchtálann an tÚdarás Náisiúnta Iompair scéim shochair shainithe neamh-mhaoinithe a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a théann tú ó airgead arna sholáthar ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tá an scéim ag feidhmiú ar bhonn riaracháin, mar atá ceadaithe ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar feitheamh ar fhaomhadh na scéime ón mbeirt Airí.

Tomhaistear dliteanais scéime pinsin ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as Modh an Aonaid Réamh-Mheasta.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin tuillte ag na fostaithe le linn na bliana. Tarchuirtear ranníocaíochtaí pinsin chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Aithnítear méid comhfhreagrach don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé inghnóthaithe agus fritháirithe ag deontais faighte sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Aithnítear gnóthachain nó cailleanais achtúireacha a eascraíonn ó athruithe ar thiomhdí Actúireacha agus ó fharasbairr agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Cailleanais Aitheanta Iomlána don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach dó sa mhéid inghnóthaithe ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha de chuid íocaíochtaí pinsin na todhchaí atá tuillte ag comhaltaí foirne go dtí seo. Léiríonn maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le gnóthú amach anseo ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

### **Cuntas Caipitil**

Is ionann an cuntas caipitil agus an méid ioncaim gan amúchadh curtha i bhfeidhm chun críocha caipitil.

Tá sócmhainní seasta maoinithe ó ioncaim deontais atá aistriithe go dtí an cuntas caipitil agus atá amúchta de réir dímheasa.

### **Airgeadra**

Is é an Euro an t-aonad airgeadra ina bhfuil na ráitis airgeadais ainmnithe.

# An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais  
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

<b>Ioncam</b>	<b>Nótaí</b>	<b>2012</b> €	<b>2011</b> €
Deontais Oireachtais	1		
- Maoiniú Infheistíochta Caipitil	1.1	132,031,094	210,892,617
- Maoiniú na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO)	1.2	278,296,920	265,641,000
- Scéimeanna iompair eile	1.3	22,986,331	22,364,826
- Riarachán		3,427,000	3,712,000
Ioncam Ceadúnaithe	2	5,916,434	5,938,712
Táillí rannpháirtithe sa Scéim Ticéadaithe Comhtháite	3	4,752,948	1,496,039
Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin	12.2	761,000	655,000
Ioncam eile	4	758,175	832,905
		<b>448,929,902</b>	<b>511,533,099</b>
Aistriú ón / (chuig an) gCúlchiste Caipitil	16	1,701,155	(1,333,893)
<b>Ioncam Iomlán</b>		<b>450,631,057</b>	<b>510,199,206</b>
<b>Caiteachas</b>			
Caiteachas infheistíochta caipitil	5	128,043,234	204,334,428
Caiteachas na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO)	6	278,296,919	265,641,000
Caiteachas eile i ndáil le deontas	7	22,985,657	22,345,173
Caiteachas Ceadúnaithe	8	3,413,382	3,923,617
Caiteachas na Scéime Ticéadaithe Comhtháite	3	10,289,416	6,793,762
Costais foirne	9	5,237,071	4,761,742
Costais phinsin	12	763,724	663,990
Costais chóiríochta oifige	10	973,747	1,115,831
Costais riaracháin eile	11	2,767,912	2,533,059
<b>Caiteachas Iomlán</b>		<b>452,771,062</b>	<b>512,112,602</b>
<b>Easnamh don bhliain</b>		<b>(2,140,005)</b>	<b>(1,913,396)</b>

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 24 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

An tUas. John Fitzgerald  
Cathaoirleach

An tUas. Gerry Murphy  
Stiúrthóir

Dáta: 27 Meán Fómhair 2013

Dáta: 27 Meán Fómhair 2013

## An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Ráiteas ar Ghnóthachain agus Cailteanais Aitheanta Iomlána  
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

	<i>Nótaí</i>	2012 €	2011 €
<b>Easnamh don bhliain</b>		<b>(2,140,005)</b>	<b>(1,913,396)</b>
Gnóthachain / (cailteanais) ó thaithí ar dhliteanais scéime pinsin	12.3	(490,000)	110,000
Athruithe ar thoimhdí atá mar bhunús le luach reatha na ndliteanas scéime pinsin	12.3	(983,000)	(417,000)
(Cailteanas) achtúireach ar dhliteanais phinsin	12.1	(1,473,000)	(307,000)
Coigeartú ar mhaoiniú pinsin iarchurtha		1,473,000	307,000
<b>Easnamh aitheanta iomlán don bhliain</b>		<b>(2,140,005)</b>	<b>(1,913,396)</b>

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 24 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

An tUas. John Fitzgerald  
Cathaoirleach

Dáta: 27 Meán Fómhair 2013

An tUas. Gerry Murphy  
Stiúrthóir

Dáta: 27 Meán Fómhair 2013

## An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Clár Comhardaithe  
amhail ag 31 Nollaig 2012

	<i>Nótaí</i>	2012 €	2011 €
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
Sócmhainní inláimhsithe	13	41,449,160	43,150,315
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Féichiúnaithe	14	1,867,468	2,783,914
Airgead sa bhanc agus ar láimh		20,744,905	20,124,620
		<u>22,612,373</u>	<u>22,908,534</u>
<b>Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin</b>	15	(7,091,130)	(5,247,286)
<b>Glansócmhainní Reatha</b>		<u>15,521,243</u>	<u>17,661,248</u>
<b>Sócmhainní Iomlána Lúide Dlíteanais</b>			
<b>Reatha roimh phinsin</b>		56,970,403	60,811,563
Dlíteanais Phinsin	12.1	(5,868,000)	(3,634,000)
Maoiniú pinsin iarchurtha	12.2	5,868,000	3,634,000
<b>Glansócmhainní</b>		<u>56,970,403</u>	<u>60,811,563</u>
<b>Maoinithe ag</b>			
Cúlchiste Caipitil	16	41,449,160	43,150,315
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	17	15,521,243	17,661,248
		<u>56,970,403</u>	<u>60,811,563</u>

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasafóichta agus Nótaí 1 go 24 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

An tUas. John Fitzgerald  
Cathaoirleach

An tUas. Gerry Murphy  
Stiúrthóir

Dáta: 27 Meán Fómhair 2013

Dáta: 27 Meán Fómhair 2013

# An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid  
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

	Nótaí	2012 €	2011 €
<b>Imréiteach an oibriúchán le glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>			
(Easnamh) oibriúcháin		(2,140,005)	(1,913,396)
Aistrithe Cúlchiste Caipítíl – sócmhainní seasta inláimhsithe	16	(1,701,155)	1,333,893
Dímheas na sócmhainní seasta inláimhsithe	13	5,502,527	5,111,833
Cailíteanas ar choigeartú sócmhainní seasta inláimhsithe	13	7,229	-
Laghdú / (méadú) i bhféichiúnaithe		916,446	(802,765)
Méadú i greidiúnaithe		1,843,844	2,069,398
Ús faighte		(454,616)	(534,941)
		<u>3,974,270</u>	<u>5,264,022</u>
<b>Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>			
<b>Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid</b>			
<b>Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>			
Caiteachas caipítíl chun sócmhainní inláimhsithe a ghnóthú	20	(3,808,601)	(6,445,725)
Ús faighte		454,616	534,941
		<u>620,285</u>	<u>(646,762)</u>
<b>Méadú / (laghdú) in airgead tirim sa bhliain</b>			
<b>Imréiteach an tsreafa airgid ghlan le gluaiseacht i nglanchistí</b>			
Méadú / (laghdú) in airgead tirim sa bhliain		620,285	(646,762)
Cistí aistrithe ón gCoimisiún um Rialáil Tacsaithe ag 1 Eanáir 2011		-	19,558,174
Glanchistí amhail ag 1 Eanáir		20,124,620	1,213,208
		<u>20,744,905</u>	<u>20,124,620</u>
<b>Glanchistí amhail an 31 Nollaig</b>			

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 24 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

An tUas. John Fitzgerald  
Cathaoirleach

An tUas. Gerry Murphy  
Stiúrthóir

Dáta: 27 Meán Fómhair 2013

Dáta: 27 Meán Fómhair 2013

# An tÚdarás Náisiúnta Iompair

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

### 1. Deontais Oireachtais

Bhí €436,741,345 de dheontais Oireachtais faighte / infhála in 2012 ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tá foinsé an mhaoinithe leagtha amach i Nótaí 1.1 go 1.3 leis na ráitis airgeadais. Fuarthas €3.4m de dheontais riaracháin ó fhotheideal B9.3.

#### 1.1. Deontais Oireachtais – Maoiniú Infheistíochta Caipitil

	2012	2011
	€	€
Iarnród Éireann	32,224,324	98,083,793
Deontais Bainistíochta Tráchna	41,504,938	59,340,220
An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród	22,867,652	20,230,830
Scéim Ticéadaithe Comhtháite	3,931,416	6,487,538
Bus Átha Cliath	22,347,548	4,639,404
Bus Éireann	3,631,601	19,323,456
Maoiniú oifige Iompar 21 de chuid Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	267,160	1,056,520
Tionscadal Dhroichead Shráid Mhaoilbhríde	3,505,462	419,664
Tacaíocht Theicniúil	1,750,993	1,201,722
Eile	-	109,470
	<u>132,031,094</u>	<u>210,892,617</u>

Tarraingítear anuas an maoiniú infheistíochta caipitil faoin gClár Infheistíochta um Iompar Poiblí, fotheideal B8.

#### 1.2. Deontais Oireachtais – Maoiniú na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO)

	2012	2011
	€	€
Iarnród Éireann	166,417,945	148,688,997
Bus Átha Cliath	74,768,998	73,041,689
Bus Éireann	36,883,057	43,410,313
Athbhreithniú Gréasáin	226,920	500,001
	<u>278,296,920</u>	<u>265,641,000</u>

Tarraingítear anuas maoiniú na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí faoi na hÍocaíochtaí um Fhorálacha na Seirbhíse Poiblí, fotheideal B7.

# An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais  
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

..... ar lean

## 1.3. Deontais Oireachtais – scéimeanna iompair eile

Riarann an tÚdarás Náisiúnta Iompair roinnt scéimeanna eile thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Taispeántar maoiniú deontais faighte / infhála in 2012 anseo thíos:

	2012	2011
	€	€
Maoiniú na Scéime Inrochtaineachta	1,771,449	9,804,380
Maoiniú um Thosaíocht Bus sna Chathracha Réigiúnacha	12,192,671	5,610,902
Maoiniú um Thionscnamh Jabanna Réigiúnach	-	4,988,715
Maoiniú Iompair Thuaithe	6,937,153	-
Taisteal Níos Cliste	320,960	453,066
Scoileanna Glasa (Nóta 22)	1,764,098	1,507,763
	<u>22,986,331</u>	<u>22,364,826</u>

Tarraingítear anuas maoiniú na Scéime Inrochtaineachta agus maoiniú um Thosaíocht Bus sna Chathracha Réigiúnacha faoin gClár Infheistíochta um Iompar Poiblí, fotheideal B8.

Tarraingítear anuas maoiniú um Iompar Tuaithe faoi na hÍocaíochtaí um Fhorálacha na Seirbhíse Poiblí, fotheideal B7.2.

Tarraingítear anuas maoiniú um Thaisteal Níos Cliste faoin gClár um Thaisteal Níos Cliste agus um Laghdú Carbóin, fotheideal B6.

Tarraingítear anuas maoiniú um Scoileanna Glasa faoi na hÍocaíochtaí um Fhorálacha na Seirbhíse Poiblí, fotheideal B7.3.

## 2. Ioncam Ceadúnaithe

	2012	2011
	€	€
Táillí ceadúnaithe tacsaithe	4,345,685	3,924,607
Ioncam ó fhorfheidhmiú tacsaithe	42,204	82,053
Athnuachain ar cheadúnú tiománaithe tacsaithe	1,414,633	1,505,500
Ionam tacsaithe eile	84,388	402,415
Ioncam ceadúnaithe bus	29,524	24,137
	<u>5,916,434</u>	<u>5,938,712</u>

# An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais  
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

..... ar lean

## 3. Scéim Ticéadaithe Comhtháite

	2012	2011
	€	€
<b><u>Ioncam</u></b>		
Táillí Rannpháirtithe	4,752,948	1,496,039
	<hr/>	<hr/>
<b><u>Caiteachas oibriúcháin</u></b>		
Costais oibriúcháin	3,329,799	958,904
Costais foirne	918,245	253,213
Cóiríocht	69,060	41,850
Árachais	15,755	24,262
Fógraíocht	67,228	-
Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide	266,009	189,612
Comhairleoireacht	53,493	10,000
Ginearálta	33,359	18,198
	<hr/>	<hr/>
<b><i>Caiteachas oibriúcháin iomlán (*)</i></b>	<b>4,752,948</b>	<b>1,496,039</b>
	<hr/>	<hr/>
<b><i>Ioncam lúide caiteachas oibriúcháin</i></b>	<b>-</b>	<b>-</b>
<b><u>Caiteachas Breise</u></b>		
Dímheas (Nóta 13)	5,185,285	4,838,225
Costais forbartha táirgí	351,183	459,498
	<hr/>	<hr/>
	<b>5,536,468</b>	<b>5,297,723</b>
	<hr/>	<hr/>
<b><i>Caiteachas Oibriúcháin agus caiteachas breise iomlán</i></b>	<b>10,289,416</b>	<b>6,793,762</b>
	<hr/>	<hr/>

\* Athmhúirearítear an caiteachas a ghearrtar le hagaidh oibriú na Scéime Ticéadaithe Comhtháite do na hoibreoírí iompair (rannpháirtithe).

Áirítear €3,470,604 de bhreiseanna ar na sócmhainní seasta i ndáil le tionscadal ITS (Nóta 13).

# An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais  
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

..... ar lean

## 4. Ioncam Eile

	2012 €	2011 €
Ioncam na samhla	-	6,375
Ioncam ilghnéitheach	30,948	22,400
Ús faighte	454,616	534,941
Maoiniú AE	272,611	269,189
	<hr/>	<hr/>
	758,175	832,905
	<hr/>	<hr/>

## 5. Caiteachas na hInfheistíochta Caipitil

	2012 €	2011 €
Iarnród Éireann	32,224,324	98,083,793
Bainistíocht Tráchtá & Tionscadail Eile (Nóta 5.1)	41,043,126	59,264,688
An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród	23,273,021	20,230,830
Bus Átha Cliath	22,347,548	4,586,736
Bus Éireann	3,631,601	19,376,125
Costais oifige Iompar 21 de chuid Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	267,160	1,056,520
Tionscadal Dhroichead Shráid Maoilbhríde	3,505,462	419,664
Tacaíocht Theicniúil	1,750,992	1,201,743
Eile	-	114,329
	<hr/>	<hr/>
	128,043,234	204,334,428
	<hr/>	<hr/>

### Na mórtionscadail chaipitil a maoiníodh ná:

	€m	€m
Líne B I an Luas - Coill na Silíní	-	3.30
Líne A1 an Luas - Iarthar na Cathrach	0.05	5.70
Meitreo Thuaidh	10.97	7.20
An Luas Traschathrach	5.94	-
Línte iarnróid Dhún Búinne / na hUaimhe	5.88	18.80
Rothstoc Eile (Mórcheantar Bhaile Átha Cliath)	6.16	14.60
Tionscadal Bhealach Chill Dara	2.69	6.40
Athchomharthaíocht Lár na Cathrach	8.77	19.50
DART Faoi Thalamh	0.56	10.20
Busanna Nua de chuid Bus Éireann	-	17.80
Busanna Nua de chuid Bus Átha Cliath	15.80	-

### Tabhair faoi deara:

Cuirtear caiteachas infheistíochta caipitil i ndáil leis an scéim ticéadaithe comhtháite san áireamh mar chuid de na haistrúithe ón gCúlchiste Caipitil mar a thugadh faoi deara de réir an Chuntais Ioncaim agus Chaiteachais ar Leathanach 7 agus de réir Nóta 16 leis na ráitis airgeadais.

# An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais  
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

..... ar lean

## 5.1 Bainistíocht Tráchta & Tionscadail Eile

	2012	2011
	€	€
<i>Bainistíocht Tráchta – deontais do chomhlachtaí ainmnithe</i>		
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	14,071,985	21,152,176
Comhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin	5,399,851	4,424,921
Comhairle Contae Fhine Gall	4,013,998	10,949,332
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	4,081,373	6,444,171
Comhairle Contae Chill Mhantáin	2,162,242	3,317,164
Comhairle Contae Chill Dara	1,578,410	2,067,520
Comhairle Contae na Mí	2,132,644	3,167,803
	<hr/>	<hr/>
	33,440,503	51,523,087
	<hr/>	<hr/>
	2012	2011
	€	€
<i>Costais tionscadail eile</i>		
Costais straitéise	-	201,235
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath – costais oifige tionscadail QBN	1,765,521	2,897,490
Táillí profisiúnta	239,787	1,070,445
Dímheas ar threalamh um Dheontas Bainistíochta Tráchta	1,454	11,122
Faisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí	2,170,576	2,432,642
Forbairt ar Chórais Cheadúnaithe	1,261,927	-
Pleanálaí Turais Comhtháite Náisiúnta	1,405,490	-
Bus Átha Cliath – Córas um Shuíomh Uathoibríoch Feithicle	757,868	1,128,667
	<hr/>	<hr/>
	7,602,623	7,741,601
	<hr/>	<hr/>
<b>Iomlán na gCostas i ndáil le Bainistíocht Tráchta &amp; Tionscadail Eile</b>	<b>41,043,126</b>	<b>59,264,688</b>
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

## An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais  
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

..... ar lean

### 6. Caiteachas na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO)

	2012 €	2011 €
Iarnród Éireann	166,418,352	148,688,997
Bus Átha Cliath	74,768,483	73,041,689
Bus Éireann	36,883,165	43,410,313
Athbhreithniú Gréasáin	226,919	500,001
	<u>278,296,919</u>	<u>265,641,000</u>

Déanann an tÚdarás íocaíochtaí le Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann le haghaidh soláthair seirbhísí PSO (Oibleagáid Seirbhíse Poiblí) a bhfuil gá leo ar bhonn sóisialta ach atá neamh-inmharthana ó thaobh airgeadais de. Tá íocaíochtaí déanta ag an Údarás ó airgead tugtha ag an Oireachtas tríd an Vótáil don Iompar, Turasóireacht agus Spóirt. Ó Mheitheamh 2012, bhí an tÚdarás ag cur mhaoiniú PSO ar fáil do ghrúpa cuideachtaí CIÉ roimh dhátaí próifílithe don íocaíocht. Lena chois sin, cuireadh €36 milliún de mhaoiniú, thar mar a bhí beartaithe do 2012, ar fáil do chuideachtaí CIÉ ag deireadh 2012 de dheasca ganntanas airgid sna cuideachtaí sin. Tugadh €30.7 milliún d'Iarnród Éireann agus €5.3 milliún do Bhus Átha Cliath. Lorg an Roinn meastachán forlíontach chun na suimeanna sin a mhaoiniú. Baineadh úsáid as an mhaoiniú breise, a bhí faofa agus an Rialtas, le haghaidh gníomhaíochtaí reatha.

### 7. Caiteachas Deontais Eile

	2012 €	2011 €
<i>Á riar ag an Údarás Náisiúnta Iompar thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt</i>		
Maoiniú na Scéime Inrochtaineachta	1,770,774	9,804,380
Maoiniú um Thosaíocht Bus sna Chathracha Réigiúnacha	12,192,671	5,610,902
Maoiniú um Thionscnamh Jabanna Réigiúnach	-	4,988,715
Maoiniú Iompair Thuaithe	6,937,153	-
Costais um Thaisteal Níos Cliste	320,961	423,227
Ioncam na Scoileanna Glasa íoctha (Nóta 22)	1,764,098	1,507,764
	<u>22,985,657</u>	<u>22,334,988</u>
<i>Eile</i>		
BAPTS (Ardchórais Iompair Phoiblí a Neartú)	-	10,185
	<u>-</u>	<u>10,185</u>
<b>Caiteachas deontais eile iomlán</b>	<u>22,985,657</u>	<u>22,345,173</u>

# An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais  
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

..... ar lean

## 8. Caiteachas Ceadúnaithe

	2012	2011
	€	€
Costais Cheadúnaithe Feithicle	1,744,118	1,629,281
Costais Cheadúnaithe Tiománaithe	464,397	371,727
Costais Forfheidhmithe	104,030	104,123
Costais Mheasúnaithe	-	355,403
Costais an Lárionaid Glaonna agus Costais Riaracháin	569,696	649,538
Costais Ghreamán Comhartha Dín	32,209	208,603
Costais Chomhlíonta / Dáileacháin	73,968	134,732
Cártaí Aitheantais Tiománaithe	39,204	102,335
Ceadúnas Feithicle – Costais Forbartha Próisis	-	228,407
Costais eile	385,760	139,468
	<u>3,413,382</u>	<u>3,923,617</u>

An 1 Eanáir 2011 díscaoileadh an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe agus aistríodh na feidhmeanna, foireann, sócmhainní agus dlíteanais chuig an Údarás Náisiúnta Iompair.

## 9. Fostaithe

<i>Costais fostaíochta (ag eisiáimh costais phinsin - Nóta 12)</i>	2012	2011
	€	€
Pá, Tuarastail agus Costais Foirne	3,039,468	3,057,811
Iasachtaí na Seirbhíse Poiblí	1,131,429	934,474
Seirbhísí socrúcháin seachfhoinsithe	903,747	592,753
Earcaíocht agus oiliúint foirne	29,666	38,624
Táillí agus costais na gComhaltaí Boird	132,761	138,080
	<u>5,237,071</u>	<u>4,761,742</u>
<b>Líon iomlán daoine fostaithe ag an ÚNI i gcaitheamh na tréimhse:</b>	<u>53</u>	<u>53</u>

Tá suas le 12 ball foirne ar fáil don Údarás Náisiúnta Iompair ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Meastar gurb é €700k an costas atá á foc ag an Roinn agus ní áirítear é sna chuntais seo.

# An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais  
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

..... ar lean

## 9.1. Tuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

	2012	2011
	€	€
Bun-tuarastal bliantúil (ranníocaíocht neamh-phearsanta pinsin)	179,044	179,044
Táillí na gComhaltaí Boird	6,983	11,970
	<u>186,027</u>	<u>191,014</u>

Níor íocadh aon íocaíocht bhónais leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Is ball de scéim pinsin de chuid na seirbhíse poiblí é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin leis na gnáth-theidlíochtaí.

Tar éis soiléiriú cuireadh stop le híocaíocht tháillí na gComhaltaí Boird leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin in Iúil 2012. Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na táillí boird ar fad á íocadh leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin don Údarás in 2013.

## 9.2. Táillí na gComhaltaí Boird

	2012	2011
	€	€
Táillí na gComhaltaí	102,546	107,231
Táillí an Chathaoirligh	20,478	20,520
	<u>123,024</u>	<u>127,751</u>

Áirítear an méid seo a leanas i dtáillí na gComhaltaí Boird:

	2012	2011
	€	€
John Fitzgerald	20,478	20,520
Gerry Murphy	6,986	11,970
Linda Saunders	11,945	11,970
Berna Grist	11,945	11,970
Frank King	11,945	11,970
Damien Usher	11,945	11,970
Valerie O'Reilly	11,945	11,970
Margaret O'Shaughnessy	11,945	11,970
Jim Deegan	11,945	11,970
Daithi Alcorn	11,945	11,471
	<u>123,024</u>	<u>127,751</u>

## An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais  
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

..... ar lean

### 9.3. Costais

	2012	2011
	€	€
Comhaltaí Boird	9,371	10,131
Cathaoirleach	366	198
	<hr/>	<hr/>
	9,737	10,329
	<hr/>	<hr/>

### 10. Costais chóiríochta oifige

	2012	2011
	€	€
Cóiríocht	671,752	791,943
Solas agus teas	58,013	30,730
Glanadh	52,263	76,514
Deisiúcháin agus cothabháil	191,719	216,644
	<hr/>	<hr/>
	973,747	1,115,831
	<hr/>	<hr/>

# An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais  
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

..... ar lean

## 11. Costais riaracháin eile

	2012	2011
	€	€
Árachas	25,462	32,636
Muirir athlonnaithe	1,297	6,356
Priontáil, postas agus páipéarachas	45,753	139,959
Guthán agus idirlíon	62,301	84,711
Costais TFC & forbairt córas	651,118	697,445
Sonraí agus mapáil GIS	2,378	11,776
Dímheas	315,788	262,486
Taisteal agus cothabháil	119,692	138,829
Costais chruinnithe	5,069	4,018
Leabharlann agus síntiúis	31,198	35,817
Costas tionscadail - teicniúil	52,941	34,110
Costais dlí agus dlíthíochta	278,280	308,951
Staidéir, athbhreithniú & taighde tionscail	396,865	-
Táillí do sheirbhís ghairmiúil	492,442	467,503
Fógraíocht agus promóisean	81,490	99,094
Táillí iniúcháireachta	18,095	18,095
Iniúchadh inmheánach	89,903	84,260
Drochfhiacha	-	3,617
Costais ghinearálta	46,475	35,704
Táillí bainc	51,365	67,692
	<u>2,767,912</u>	<u>2,533,059</u>

# An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais  
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

..... ar lean

## 12. Costais phinsin

Tá fostaí uile de chuid an Údaráis ina gcomhaltaí de scéim pinsin sochair shainithe, agus tugtar sonraí mar gheall uirthi sna nótaí anseo thíos. Tar éis ceadú ón Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tá an scéim pinsin á feidhmiú ar bhonn riaracháin, bunaithe ar scéim shamhla aoisliúntais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Feidhmíonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair scéim ranníocaíochta sainithe chomh maith do thriúr dá chuid fostaíthe, a bhí mar fhostaithe de chuid Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath. Gearrtar na ranníocaíochtaí iníoctha sna ráitis airgeadais agus ní léiríonn siad ach an dliteanas atá ag an Údarás Náisiúnta Iompair don scéim úd. Ní thabhaíonn an tÚdarás dliteanas ar bith eile.

### Anailís na gcostas pinsin iomlán gearrtha ar chaiteachas

	2012	2011
	€	€
<u>Scéim pinsin sochair shainithe</u>		
Costais seirbhíse reatha	552,000	481,000
Ús ar dhliteanas na scéime pinsin	209,000	174,000
<u>Scéim pinsin ranníocaíochta sainithe</u>		
Ranníocaíochtaí an fhostóra	2,724	8,990
	<hr/>	<hr/>
	763,724	663,990
	<hr/>	<hr/>

### 12.1 Gluaiseacht i nglanlíteanas pinsin i rith na tréimhse airgeadais

	2012	2011
Dlíteanas pinsin amhail ag 1 Eanáir 2012	3,634,000	266,000
Dlíteanas pinsin aistrithe ón gCoimisiún um Rialáil Tacsaithe	-	2,406,000
Costais seirbhíse reatha	552,000	481,000
Ús ar dhliteanas na scéime pinsin	209,000	174,000
Cailteanas achtúireach	1,473,000	307,000
	<hr/>	<hr/>
<b>Glanlíteanas pinsin amhail ag 31 Nollaig 2012</b>	<b>5,868,000</b>	<b>3,634,000</b>
	<hr/>	<hr/>

# An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais  
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

..... ar lean

## 12.2 Maoiniú pinsin iarchurtha

Aithníonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair suimeanna atá dlite ón Stát don dliteanas iarchurtha neamh-mhainithe do phinsin ar bhonn sraith toimhdí ag Nóta 12.4 agus roinnt imeachtaí a tharla roimhe seo. Áiríonn na himeachtaí seo an bonn reachtúil atá le bunú na scéime pinsin agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastacháin bliantúil. Níl aon fhianaise ag an Údarás nach leanfaidh an beartas maoinithe seo ag comhlíonadh suimeanna dá leithéid de réir an chleachtais reatha.

Seo a leanas mar a bhí an glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin aitheanta sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	<b>2012</b>	<b>2011</b>
	€	€
Maoiniú inghnóthaithe maidir le costais phinsin na bliana reatha	<b>761,000</b>	655,000

B'ionann sócmhainn maoinithe iarchurtha do phinsin amhail ag 31 Nollaig 2012 agus €5,868,000 (2011: €3,634,000).

## 12.3. Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

	<b>12 mhí go dtí</b>	<b>12 mhí go dtí</b>	<b>13 mhí go dtí</b>
	<b>31/12/12</b>	<b>31/12/11</b>	<b>31/12/10</b>
	€	€	€
Oibleagáidí sochair shainithe	<b>5,868,000</b>	3,634,000	266,000
Cailiteanais / (gnóthachain) ó thairbh ar dhliteanais scéime	<b>490,000</b>	(110,000)	(67,000)
Céatadán na ndlitéanais scéime	<b>8.4%</b>	(3.0)%	(25.2)%
Cailiteanais / (gnóthachan) toimhdí ar dhliteanais scéime	<b>983,000</b>	417,000	17,000

Is ionann an cailiteanas carnach achtúireach a aithnítear sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Cailiteanais Aitheanta Iomlána agus €1,730,000 (2011: €257,000).

# An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais  
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

..... ar lean

## 12.4 Cur síos ginearálta ar an scéim le sochar sainithe

Is ionann na scéimeanna agus socruithe pinsin sochair shainithe um thuarastal deiridh le sochair agus ranníocaíochtaí arna sainmhíniú le tagairt do rialacháin scéime reatha “samhlacha” na hearnála poiblí. Cuireann na scéimeanna pinsin ar fáil (an t-ochtódú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse), cnapshuim nó aisce (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus do leanaí. De ghnáth is é 65ú breithlá an chomhalta an Ghnáthaois Scoir agus tá daoine atá ina gcomhaltaí ón tréimhse roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60 ar aghaidh. Is iondúil go mhéadaíonn pinsin in íocaíocht (agus iarchur) ar aon dul leis an mboilsciú tuarastail i gcoitinne.

Táthar tar éis an luacháil le haghaidh nochtáí FRS 17 Sochair Scoir (Athbhreithnithe) a bhunú ar luacháil achtúireach iomlán (Eanáir 2013) déanta ag achtúire cáilithe neamhspleách ag cur riachtanais FRS 17 Sochair Scoir (Athbhreithnithe) san áireamh d’fhonn measúnú a dhéanamh ar dhlíteanais na scéime ag 31 Nollaig 2012.

Seo a leanas na príomhthoimhdí airgeadais ag dáta an chláir chomhardaithe:

	2012	2011
Ráta lascaine	3.75% p.a.	5.00% p.a.
Méaduithe tuarastail inpinsin ionchais na todhchaí	3.00% p.a.	3.50% p.a.
Méaduithe pinsin ionchais na todhchaí	2.50% p.a.	3.50% p.a.
Méaduithe pinsin ionchais ón Stát	2.00% p.a.	3.50% p.a.
Méadú sa phraghasinnéacs tomhaltóirí	2.00% p.a.	2.00% p.a.

Ceadaíonn an ráta mortlaíochta go sainráiteach d’fheabhsuithe ar ionchas saoil thar am, ionas go mbraithfidh ionchas saoil ag aois scoir ar an mbliain ina shlánaíonn comhalta an aois scoir (aois 65). Tá léargas le fáil sa tábla thíos ar ionchas saoil na gcomhaltaí sin a mbeidh 65 bliain d’aois slánaithe acu in 2012 agus in 2032.

Bliain a slánaítear aois 65	2012	2032
Ionchas saoil - fireann	22.3	24.9
Ionchas saoil - bainneann	23.7	25.9

## An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais  
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

..... ar lean

### 13. Sócmhainní Inláimhsithe

	Léasacht	Mótar- fheithicilí	Samhail trácha	Trosán & feistis ríomhaireachta	Trealamh ríomhaireachta	Trealamh DBT	Seáim Ticéadaithe Comhtháite	Iomlán
<b>Costas</b>								
Ag 1 Eanáir 2012	644,226	20,600	3,936,281	293,665	910,312	143,117	46,691,826	52,640,027
Coigeartuithe do chlár na sócmhainní seasta **	-	-	-	(424)	(8,145)	-	-	(8,569)
Breiseanna sa bhliain	-	-	107,846	-	230,151	-	3,470,604	3,808,601
Ag 31 Nollaig 2012	644,226	20,600	4,044,127	293,241	1,132,318	143,117	50,162,430	56,440,059
<b>Dímheas</b>								
Ag 1 Eanáir 2012	212,537	16,480	3,406,575	217,189	659,950	138,756	4,838,225	9,489,712
Coigeartuithe do chlár na sócmhainní seasta **	-	-	50	-	(1,390)	-	-	(1,340)
Muirear don bhliain	32,211	4,120	94,952	27,721	156,784	1,454	5,185,285	5,502,527
Ag 31 Nollaig 2012	244,748	20,600	3,501,577	244,910	815,344	140,210	10,023,510	14,990,899
<b>Glanluachanna leabhair</b>								
Ag 31 Nollaig 2012	399,478	-	542,550	48,331	316,974	2,907	40,138,920	41,449,160
Ag 31 Nollaig 2011	431,689	4,120	529,706	76,476	250,362	4,361	41,853,601	43,150,315

\*\* Bhí coigeartú €7,229 ann de bharr athbhreithniú ar chlár na sócmhainní seasta.

# An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais  
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

..... ar lean

## 14. Féichiúnaithe

	2012	2011
	€	€
<i>Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin:</i>		
Féichiúnaithe trádála	860,992	295,244
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe	684,601	324,652
<u>Féichiúnaithe eile:</u>		
Ioncam deontais	220,300	1,753,113
Seirbhísí roinnte	45,706	-
Ioncam ceadúnaithe	16,296	-
CBL	18,136	397,076
Scéim Ticéadaithe Comhtháite	21,437	13,829
	<hr/>	<hr/>
	1,867,468	2,783,914
	<hr/>	<hr/>

# An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais  
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

..... ar lean

15. Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin	2012 €	2011 €
Creidiúnaithe trádála	2,469,609	1,292,916
PSWT iníochta	114,679	104,898
Tobhaigh agus ranníocaíochtaí pinsin na bhfostaithe iníochta leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	128,918	110,908
Í.M.A.T./Á.S.P.C.	107,890	147,504
Dlíteanas na Scéime Ticéadaithe Comhtháite	2,153,634	211,097
Creidiúnaithe eile	117,385	1,793,700
Fabhruithe agus ioncam iarchurtha	1,999,015	1,586,263
	7,091,130	5,247,286
	7,091,130	5,247,286

**Tobhaigh agus ranníocaíochtaí pinsin na bhfostaithe iníochta leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt**

San áireamh san fhiigiúr seo bhí €70,476 a léiríonn iomlán na dtobhach pinsin asbhainte sa bhliain. Íocadh an méid sin leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar 13ú Feabhra 2013.

**Dlíteanas na Scéime Ticéadaithe Comhtháite**

Is ionann dlíteanas na Scéime Ticéadaithe Comhtháite agus éarlaisí agus creidmheas iompair nár úsáideadh i gcuntas shealbhóirí na gcártaí.

**Creidiúnaithe eile: san áireamh i gcreidiúnaithe eile tá iarmhéideanna i ndáil leo seo a leanas:**

	2012 €	2011 €
Creidiúnaithe eile	37,811	124,440
Ioncam iarchurtha	-	39,741
Dlíte do Chomhairle Contae Chill Dara	-	1,135,140
CBL inaisíochta gan íoc le bheith seach-churtha i gcoinne caiteachas caipitil na Scéime Ticéadaithe Comhtháite sa todhchaí	79,574	494,379
	117,385	1,793,700
	117,385	1,793,700

# An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais  
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

..... ar lean

## 16. Cúlchiste Caipitil

	2012	2011
	€	€
Ag 1 Eanáir	43,150,315	41,229,507
<b>Ón gCoimisiún um Rialáil Tacsaithe:</b>		
Cúlchiste Caipitil amhail an 1 Eanáir 2011	-	586,915
<b>Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:</b>		
Ioncam leithdháilte chun críocha caipitil	3,800,032	6,445,726
Amúchadh i gcomhréir le dímheas	(5,501,187)	(5,111,833)
<b>Ag 31 Nollaig</b>	<b>41,449,160</b>	<b>43,150,315</b>
<b>Iomlán (chuig an) / ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais</b>	<b>(1,701,155)</b>	<b>1,333,893</b>

## 17. Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

	2012	2011
	€	€
<b>Ag 1 Eanáir</b>	<b>17,661,248</b>	<b>16,469</b>
Easnamh don bhliain	(2,140,005)	(1,913,396)
Farasbarr ón gCoimisiún um Rialáil Tacsaithe ag 1 Eanáir 2011	-	19,558,175
<b>Ag 31 Nollaig</b>	<b>15,521,243</b>	<b>17,661,248</b>

## 18. Cánachas

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair díolmhaithe ó Cháin Chorparáide.

# An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais  
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

..... ar lean

## 19. Ceangaltais airgeadais

### Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais um chaiteachas caipitil ag 31 Nollaig 2012

### Léasanna Airgeadais

Ní raibh gá leas a bhaint as léasú airgeadais ag 31 Nollaig 2012

### Oibleagáidí Cíos

Tá ceangaltais ar an Údarás Náisiúnta Iompair ag eascairt ó sholáthar na cóiríochta oifige ag Oifig na nOibreacha Poiblí i nDún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2 ar chostas €500,000 in aghaidh na bliana.

Tá ceangaltais ar an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le léas, ina ndeachaigh an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe, ar chóiríocht oifige ag 35 Cearnóg Mhic Liam. In Aibreán 2006, shann tríú páirtí léas ar an gCoimisiún mar a bhí. Rachaidh tréimhse 35 bliana an léasa as feidhm ar 27 Aibreán 2024. Níl aon fhoráil ann i ndáil le géilleadh an léasa. Tá €170,000 de chíos bliantúil ann le hathbhreithniú cíos gach cúig bliana. Tá an t-áitreabh foligte ag an Údarás Náisiúnta Iompair ar ráta bliantúil €80,000 in aghaidh na bliana.

### Deontais Chaipitil

Tá oibleagáidí conartha ag an Údarás Náisiúnta Iompair le hÚdarás Áitiúla agus gníomhaireachtaí seachadta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath chun maoiniú a sholáthar dóibh i ndáil le tionscadail éagsúla. Ag 31 Nollaig 2012, tá méid cothrom le €66.08m fós le tarraingt anuas ar thionscadail fhaofa mar seo a leanas:

	2012	2011
	€	€
Bus Átha Cliath	10.32m	-
Bus Éireann	0.42m	-
Iarnród Éireann	17.79m	34.37m
An Gníomhaireacht um Fháil Iarnród	15.00m	26.60m
Scéim Ticéadaithe Comhtháite	4.63m	8.20m
Bainistíocht Tráichta & Tionscadail Eile	8.43m	13.41m
Droichead Shráid Mhaoilbhríde	7.80m	9.00m
Maoiniú Caipitil um Chathracha Réigiúnacha/Inrochtaineacht	1.69m	-
<b>IOMLÁN</b>	<b>66.08m</b>	<b>91.58m</b>

## 20. Ollsreabhadh Airgid

	2012	2011
	€	€
<b>Caiteachas caipitil</b>		
Íocaíochtaí chun sócmhainní inláimhsithe a ghnóthú	(3,808,601)	(6,445,725)

# An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais  
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

..... ar lean

## 21. Anailís ar athruithe i nglanchistí

	Iarmhéid oscailte	Sreafaí airgid	Iarmhéid deiridh
	€	€	€
Airgead sa bhanc agus ar láimh	20,124,620	620,285	20,744,905
	<hr/>	<hr/>	<hr/>
Glanchistí	<b>20,124,620</b>	<b>620,285</b>	<b>20,744,905</b>
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

## 22. Tionscadail riartha thar ceann comhlachtaí eile

### Scoileanna Glasa

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair ag comhordú an idirchaidrimh idir Modúl Taistil na Scoileanna Glasa de chuid An Taisce agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus deimhniú na n-íocaíochtaí leis An Taisce mar atá leagtha amach sa Chomhaontú Seirbhíse idir an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus na coinníollacha deontais idir an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus An Taisce.

## 23. Leasanna na gComhaltaí Coiste

Ghlac Bord an Údaráis Náisiúnta Iompair le gnáthaimh i gcomhréir le treoirlínte arna n-eisiúint faoin gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit maidir leis an nochtadh leasanna ag comhaltaí Boird agus cloíodh leis na gnáthaimh seo sa bhliain. Ní raibh aon idirbhearta sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh aon leas tairbhiúil ag na Comhaltaí Boird.

## 24. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an tÚdarás Náisiúnta Iompair na ráitis airgeadais an 22 Márta 2013.